



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Cúntóir Eagarthóireachta Taighde

Suas le 2 phost ar conradh – an 1 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2021

Tá Cúntóirí Eagarthóireachta Taighde ar conradh á n-earcú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíochta a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag www.gaois.ie. Beidh na daoine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge ar Champas na Naomh Uile, de réir mar a cheadófar a leithéid faoi shrianta COVID-19.

Riachtanais:

- Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 i ngné na Gaeilge)
- Cáilíocht iarchéime i réimse ábhartha agus/nó taithí ghairmiúil bheith ag obair trí Ghaeilge i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa
- Bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus spriocanna a chomhlíonadh

Inmhianaithe:

- Taithí riaracháin
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- Ba bhuntáiste é taithí éigin a bheith ag iarrthóirí ar chúrsaí téarmeolaíochta

Tuarastal ar an scála:*

€30,242–€31,120–€31,701–€32,596

*Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:
An Dr Úna Bhreathnach (01 700 8083); una.bhreathnach@dcu.ie

Iarratais:

Ba chóir

(i) litir iarratais **i nGaeilge**, ina míneofar cén fáth a bhfuil suim ag an iarrthóir sa phost, agus

(ii) CV **i nGaeilge**

a chur chuig clare.coughlan@dcu.ie faoi mheán lae, Dé Luain, an 4 Eanáir 2021.

Reáchtálfar agallaimh go fíorúil ar Zoom **Dé Luain, an 11 Eanáir 2021**.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail a bhfuil Gaois ag plé leo á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.